

Más oiriúnach duit is féidir freastal ar do chomhairliúchán ar líne nó trí glao físe.

Tá glao físe chomh háisiúil le glao gutháin, le luach breise um chumarsáide duine le duine.

Féadann sé am agus airgead a shábháil duit agus bíonn do chúram ar fáil sa mbaile



Cá rachaidh mé chun freastal ar mo choinne?



Téigh chuig : Cuirfear URL ar fáil nuair a gheobhaidh tú coinne fíorúil

In ionad taisteal chuig do choinne, téann tú isteach i limistéar feithimh ar líne an chlinic. Cuirtear an tseirbhís sláinte ar an eolas nuair a thagann tú, agus tiocfaidh do chliniceoir leat nuair a bheidh tú réidh. Ní gá cuntas a chruthú. Ní stóráiltear aon fhaisnéis a chuireann tú isteach.

✓ **Cad tá de dhíth chun glao físe a dhéanamh ?**

- ✓ **Nasc idirlíon maith**
- ✓ Más féidir breathnú ar físe ar-líne d'fheadfá glao físe a dhéanamh.
- ✓ **Seomra príobháideach, dea-soilsithe nach gcuirfear isteach ort le linn an chomhairliúcháin**
- ✓ **Ceann amháin de na nithe seo :**
 - Brabhsálaí Google Chrome ar pc nó laptop, nó ar gléas Android.
 - Brabhsálaí Safari ar Apple iMac, MacBook, iPad nó iPhone
- ✓ **Ceamara gréasáin, callairí, micreafón atá mar pháirt de ríomhairí glúine nó gléasanna móibíleacha.**

🔒 **An bhfuil sé sábháilte?**

Tá glaonna físe sábháilte; tá do phríobháideacht cosanta.

Tá do sheomra físe príobháideach féin agat nach féidir ach le cliniceoirí údaraithe dul isteach ann.

↓ **Cé mhéid sonraí idirlín a úsáidfidh mé?**

Ní úsáideann tú aon sonraí agus tú ag feitheamh ar cliniceoir.

Úsáideann glao físe an méid céanna sonraí le Skype® nó FaceTime®.

€ **Cé mhéid a chosnaíonn glao físe?**

Tá an glao físe saor in aisce (ach amháin do chostais idirlín).



Úsáideoirí fón cliste agus táibléid:

Más féidir, ceangail le líonra Wi-Fi baile nó oibre chun do liúntas sonraí soghluaiste a shábháil.

Féach thall chun tuilleadh eolais a fháil faoi conas físglao a dhéanamh

Bí réidh le glaonna físe a dhéanamh

Déan cinnte go n-úsáideann tú ceann de na brabhsálaithe gréasáin seo a leanas



Google Chrome

Windows 7+, Android 5.1+, MacOS 10.11+, iPadOS 13+



Apple Safari

MacOS 10.12+, iOS 11.4+, iPadOS 13+



Téigh chuig : Cuirfear URL ar fáil nuair a gheobhaidh tú coinne fíorúil



1

Ar an leathanach gréasáin seo, cliceáil an cnaipe **Start video call** agus lean treoracha




2

Fan i do sheomra físeáin príobháideach féin



3

Feiceann do sholáthraí cúraim sláinte tú sa scuaine...



4

... agus buaileann siad leat i do sheomra físe nuair atá siad réidh

Tuilleadh Eolais:

Labhair le do sholáthraí cúraim sláinte má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin tseirbhís seo

